



“Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach”

Comhordú Braisle

Cúlra na Scéime

Is í is aidhm don scéim seo cabhrú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas ceannaireachta. Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i scéim phiolótach atá ceaptha chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna leas a bhaint as cumas ceannaireachta agus bainistíochta inmheánach agus iad a bharrfheabhsú ag gach leibhéal.

Sa scéim cuimseofar clár náisiúnta tionscadal a bhíonn ag oibriú ag an leibhéal áitiúil. Le gach tionscadal déanfar cuir chuige i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile a chíoradh a thabharfaidh rannpháirt do na foirne ceannaireachta i scoileanna rannpháirteacha agus a chumasóidh iad.

Dá bhrí sin tabharfar cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i mbraislí nuálacha ag a mbeidh fíis chomhroinnte i dtaobh feabhsú scoile.

Chun críche an togra seo sainmhínítear braisle mar chnuasach ina bhfuil idir trí agus sé scoil a bheidh ag comhoibriú ar dhearadh, ar sheachadadh, ar mheasúnú agus ar scaipeadh torthaí na dtionscadal nuálach seo.

Beidh an scéim phiolótach, céim na n-iarratas san áireamh, ar siúl ó mhí na Samhna 2018 ar aghaidh agus beifear ag súil le planáil agus cur i ngníomh na dtionscadal ó mhí Feabhra 2019 ar aghaidh. Beidh an chéim phiolótach ar siúl go mí Mheithimh 2020.

Is iad na hIonaid Oideachais a bheidh mar óstaigh do na braislí. Bunóidh siad painéil phearsanra ón tríú leibhéal, ón earnáil ghnó agus ón tionscal a chuirfidh comhairle agus tacaíocht ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha. Beidh teacht ag braislí scoile leis, ar sheirbhísí tacaíochta na ROS agus ar an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL).

Ceapfaidh gach braisle Comhordaitheoir Braisle a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair don Ionad Oideachais.

Beidh Comhordaitheoir na Braisle freagrach as oibriú leanúnach an tionscadail a bhainistiú.



Ceapfaidh CSL Éascaitheoir do gach braisle. Beidh Éascaitheoir ag comhoibriú leis an gComhordaitheoir Braisle maidir le cruinnithe na braisle a eagrú agus a éascú Feidhmeoidh an tÉascaitheoir mar mheantóir do Chomhordaitheoir na Braisle ar feadh cúrsa an tionscadail.

Ról an Chomhordaitheora Bhraisle

Tá ról tábhachtach ag an gComhordaitheoir Braisle sa mhéid go n-oibríonn sé/sí chun go n-éireoidh le cur i ngníomh rathúil an tionscadail.

Glacann an Comhordaitheoir freagracht as:

- Sceideal an tionscadail a fhorbairt agus a chothabháil trí;
 - Freagracht san iomlán a ghlacadh as a chinntiú go gcloítear leis an sceideal comhaontaithe
 - A chinntiú go mbeidh gnéithe measúnachta ina gcuid dhílis den tuairisciú ar an tionscadal
 - Tascanna a shannadh a d'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a chuimsiú ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - Naisc chumarsáide shoiléire le Stiúrthóir an Ionaid Oideachais, leis an Éascaitheoir atá ceaptha ag CSL agus leis na scoileanna rannpháirteacha sa bhraisle a choimeád
 - Riachtanais an tionscadail maidir le tacaíocht agus foghlaim phroifisiúnta a aithint agus a chur in iúl don Ionad Oideachais
 - Tuairiscí comhaontaithe ar an tionscadal a fhorbairt agus a chur isteach de réir na riachtanas
 - Cumarsáid agus cinnteoireacht i gcomhar a chéile laistigh den mbraisle a éascú
 - Cruinnithe agus imeachtaí a eagrú laistigh den mbraisle
 - Pleanáil le haghaidh riachtanais tionscadail, oiliúint san áireamh
 - A chinntiú go gcomhlíontar téarmaí na scéime píolótaí